CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/701 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Márta 2023

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach arna bunú leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar a cuid rialacha nós imeachta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh i gríchan Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle, ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. Is dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ("an Prótacal"), de bhun Airteagal 182 de.

(2) Bunaíodh an Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach ("an mheitheal") le hAirteagal 15(1) den Phrótacal, chun fónamh mar fhóram le haghaidh malartú faisnéise agus comhairliúchán frithpháirteach maidir le cur chun feidhme an Phrótacail.

(3) De bhun Airteagal 15(2) den Phrótacail, is ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe atá sa mheitheal agus cuirfidh sí a feidhmeanna i gcrích faoi mhaoirseacht an Choiste Speisialaithe um shaincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Phrótacail arna bhunú faoi Airteagal 165(1), pointe (c), den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus is don choiste sin a ndéanann an mheitheal tuairisciú.

(4) De bhun Airteagal 15(6) den Phrótacal, tá an mheitheal lena cuid rialacha nós imeachta féin a ghlacadh de chomhthoil. Ghlac an mheitheal a rialacha nós imeachta féin ag an gcéad chruinniú a bhí aici an 29 Eanáir 2021 ("na Rialacha Nós Imeachta").

(5) Is gá na Rialacha Nós Imeachta a leasú chun go bhféadfaidh foghrúpaí struchtúrtha tacú leis an meitheal chun feabhas a chur ar an mbealach ina gcuireann an mheitheal a cúraimí mar a shainítear in Airteagal 15 den Phrótacal i gcrích.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa mheitheal a bhunú maidir leis na Rialacha Nós Imeachta a leasú.

(7) Ionas go mbeifear in ann na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go tráthúil, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a ghlactha,

([1]) Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Mheitheal Chomhairleach Chomhpháirteach arna bunú le hAirteagal 15(1) den Phrótacal ("an mheitheal"), maidir le cinneadh lena leasaítear rialacha nós imeachta na meithle, leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón meitheal atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. ROSWALL